



Coimisiún
na Meán

Treoir maidir le hAirteagal 40(4- 11) GSD

Dáta foilsithe: 25ú Bealtaine 2026



Clár

Réamhrá	3
Forbhreathnú ar Threoir	5
Forbhreathnú ar an bpróiseas iarratais i ndáil le stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe	6
Conas iarratas a dhéanamh	10
Ceanglais Iarratais	11
Faisnéis atá le soláthar maidir le gach ceann de na coinníollacha in Airteagal 40(8) agus na ceanglais ghaolmhara sa Ghníomh Tarmhligthe chun go measfar iarratas a bheith críochnaithe	12
Riachtanas agus Comhréireacht Rochtana	18
Treoir bhreise i leith iarratas	22
Módúlachtaí Rochtana	24
Tar éis iarratas ar stádas TG a fhormheas	25



1 Réamhrá

- 1.1 Le hAirteagal 40 den Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**GSD**”) déantar foráil do thaighdeoirí áirithe chun go bhfaighidís rochtain ar shonraí ó Ardáin An-Mhór ar Líne (“**VLOPanna**”) nó Inmill Chuardaigh An-Mhór ar Líne (“**VLOSEanna**”) chun staidéar a dhéanamh ar rioscaí sistéamacha san Aontas Eorpach a eascraíonn as VLOP/VLOSE a dhearadh, a fheidhmiú nó a úsáid agus measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe a chuirtear chun feidhme leis an VLOP/VLOSE. Le hAirteagal 40(8) de GSD leagtar amach an próiseas trínarb amhlaidh i gcás taighdeora, ar a ndearna Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha (“**CSD**”) grinnscrúdú nó measúnú lenar léiríodh gur chomhlíon siad na critéir a leagtar amach faoin bhforáil seo, is féidir le CSD iarraidh ar rochtain ar shonraí atá i seilbh VLOP/VLOSE a chur isteach thar a gceann. Ní mór na sonraí a bheith teoranta ó thaobh raon feidhme de i gcomhréir le hAirteagal 34 agus 35 den Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (“**GSD**”) agus ní mór a mheas go bhfuil gá leo agus go bhfuil siad comhréireach le cuspóir an taighde.
- 1.2 Is éard is Taighdeoir Grinnfhiosraithe (“**TG**”) ann ná taighdeoir:
- (a) a dhéanann iarratas chuig CSD ar stádas TG le haghaidh taighde sonraithe; agus
 - (b) a ndéanann CSD iad a ainmniú go foirmiúil mar Thaighdeoir Grinnfhiosraithe, tar éis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) de GSD agus i Rialachán Tarmligthe an Choimisiúin (AE) 2025/2050 an 1 Iúil 2025 (an ‘**Gníomh Tarmligthe**’) a chomhlíonadh, chun rochtain a fháil ar shonraí sonraithe chun críocha an taighde ar a dtugtar breac-chuntas ina iarratas.
- 1.3 Is den tábhacht a thabhairt faoi deara nach mbronntar stádas TG ach amháin i leith taighde sonracha mar a shainnítear in iarratas. I gcás inar mian le duine ar ar bronnadh stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe air roimhe sin rochtain a lorg ar shonraí sonraithe atá i seilbh Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne chun críoch taighde eile, is gá iarratas nua ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe a chur isteach chun críocha an taighde eile sin.
- 1.4 Le bheith ainmnithe mar Thaighdeoir Grinnfhiosraithe chun críoch taighde shonraigh, ní mór do thaighdeoir iarratas mionsonraithe a chur isteach chuig CSD (trí Thairseach Rochtana Sonraí GSD (an ‘**Tairseach**’)) lena léirítear go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach in Airteagal 40(8) de GSD agus ceanglais ghaolmhara a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe. Mar achoimre, beidh ar thaighdeoir an méid seo a leanas **a léiriú**:
- (a) Tá siad cleamhnaithe le heagraíocht taighde¹;
 - (b) Tá siad neamhspleách ar leasanna tráchtála;
 - (c) Tá sé tar éis maoiniú an taighde a nochtadh;
 - (d) Is féidir leo na ceanglais shonracha maidir le slándáil sonraí, cosaint sonraí agus rúndacht a chomhfhreagraíonn do na sonraí a iarrtar a chomhlíonadh agus tá cur síos déanta acu ar na bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí atá curtha i bhfeidhm acu agus a chuirfidh siad i bhfeidhm;
 - (e) Tá a rochtain ar na sonraí agus na tréimhsí a iarrtar riachtanach chun críoch a gcuid taighde, agus tá an méid sin comhréireach leis sin freisin;

¹ Tá sainmhíniú sonracha ag an téarma ‘eagraíocht taighde’, rud a mhionsonraítear a thuilleadh thíos.



- (f) Ní dhéanfar an taighde atá beartaithe ach amháin chun rannchuidiú le tuiscint ar riosca sistéamach san Aontas Eorpach a eascraíonn as an Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne ábhartha a dhearadh, a fheidhmiú nó a úsáid agus measúnú a dhéanamh ar bhearta maolaithe riosca a chuirtear chun feidhme leis an Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne sin; agus
- (g) Tá sé tiomanta do na torthaí taighde a chur ar fáil saor in aisce go poiblí, laistigh de thréimhse réasúnach tar éis an taighde a chur i gcrích.

1.5 I gcás ina gcinneann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha duine a ainmniú mar Thaighdeoir Grinnfhiosraithe le haghaidh an taighde shonraithe, eiseoidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha iarraidh réasúnach ansin chun rochtain a fháil ar na sonraí ar a ndéantar cur síos san iarratas chuig an Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne ábhartha. Ceanglófar ar an Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne ansin rochtain a sholáthar don Taighdeoir Grinnfhiosraithe ar na sonraí sonraithe trí mhódúlachtaí rochtana a shonraítear san iarraidh, laistigh de thréimhse réasúnach a shonraítear san iarraidh.²

² Tá an méid sin faoi réir an Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne a bheith i dteideal leasú ar an iarraidh réasúnaithe a iarraidh, rud a mhionsonraítear a thuilleadh thíos.



2 Forbhreathnú ar Threoir

- 2.1 D'fhorbair Coimisiún na Meán (**'An Coimisiún'**) an Treoir seo chun breac-chuntas a thabhairt ar an méid seo a leanas:
- (a) An fhoirm agus an modh ina bhfuil iarratais ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe le déanamh; agus
 - (b) Forbhreathnú ar an bpróiseas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar iarratais i ndáil le stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe.
- 2.2 Bunaítear an Treoir ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, go háirithe an GSD, an tAcht Craolacháin 2009 ('Acht 2009') agus an Gníomh Tarmligthe.
- 2.3 Ní comhairle dlí atá inti, níl sí ina ceangal ar an gCoimisiún ná níl sí beartaithe chun aon tionchar a imirt ar conas a dhéantar foráil reachtach a léirmhíniú nó a chur i bhfeidhm. Moltar don Iarratasóir/do na hIarratasóirí agus don Ardán An-Mhór ar Líne/Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil maidir leis na forálacha reachtúla ábhartha. Féadfaidh an Coimisiún an Treoir seo a thabhairt cothrom le dáta agus a leasú de réir mar a mheastar is gá agus is iomchuí agus, faoi réir a oibleagáidí faoin dlí is infheidhme, forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun a phróiseas a leasú de réir mar is cuí leis.



3 Forbheathnú ar an bpróiseas iarratais i ndáil le stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe

- 3.1 Tosaíonn an próiseas iarratais i ndáil le stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe le clárú an Iarratasóra mar thaighdeoir ar an Tairseach.
- 3.2 Nuair a bheidh an tIarratasóir cláraithe mar phríomhthaighdeoir nó mar thaighdeoir Iarratasóra ar an Tairseach, beidh an tIarratasóir in ann rochtain a fháil ar limistéar príobháideach taighdeora amháin an láithreáin. Seo an áit a gcuireann an tIarratasóir iarratais isteach ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe le haghaidh taighde sonracha.
- 3.3 I gcomhréir le hAcht 2009³, shonraigh an Coimisiún an fhoirm agus an modh inar gá Iarratas a dhéanamh. Leagtar amach i roinn 5 thíos na gnéithe a cheanglaítear a bheith in Iarratas lena mheas go bhfuil sé críochnaithe agus chun dul ar aghaidh chuig an gcéim measúnaithe shubstaintigh (**Ceanglais Iarratais**). Ba cheart don Iarratasóir/do na hIarratasóirí na Ceanglais maidir le hIarratas a cheadú sula gcuirtear aon Iarratas isteach, toisc go bhféadfadh sé go ndiúltófaí d'Iarratas toisc é a bheith neamhchríochnaithe mura gcomhlíontar na Ceanglais maidir le hIarratas (rud a chiallaíonn nach rachaidh sé ar aghaidh chuig céim an mheasúnaithe shubstaintigh).
- 3.4 Agus Iarratas á chur isteach tríd an Tairseach, beidh an rogha ag an Iarratasóir/na hIarratasóirí Iarratas a chur isteach chuig:
- (a) Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit den Aontas ina bhfuil príomhbhunaíocht sholáthraí an Ardáin An-Mhór ar Líne nó an Inníll Cuardaigh An-Mhór ar Líne lonnaithe nó, i gcás nach bhfuil aon bhunaíocht ag an soláthraí san Aontas, ina bhfuil cónaí ar a ionadaí dlíthiúil nó ina bhfuil sé bunaithe (dá ngairtear Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta);
 - (b) nó Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit den Aontas ina bhfuil eagraíocht taighde chleamhnaithe an Iarratasóra (nó na hIarratasóirí) bunaithe (agus, i gcás nach ionann an Ballstát sin agus Ballstát Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta an Ardán An-Mhór ar Líne nó an Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne, tagrófar don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin mar an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh).
- 3.5 I gcás ina gcuirfidh an tIarratasóir/na hIarratasóirí Iarratas faoi bhráid an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh, déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh measúnú tosaigh ar an Iarratas sula dtarchuirfear chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta é. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta measúnú ar an Iarratas ansin agus déanfaidh sé cinneadh deiridh ar an Iarratas. Má mheasann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh go bhfuil an t-Iarratas neamhchríochnaithe, tarchuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta é agus tabharfaidh sé fógra don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta é maidir leis an tuairim thosaigh sin. Ar an measúnú tosaigh a fháil, leanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta ar aghaidh leis an Iarratas a bhreithniú.
- 3.6 Ní mór do na hIarratais uile a bheith comhsheasmhach leis na Ceanglais Iarratais, ar a laghad. Tar éis Iarratas a fháil, déanfaidh an Coimisiún rud dá dtagraítear **“Seiceáil Iomláine”** chun a chinntiú go gcomhlíonfar na Ceanglais Iarratais leis an Iarratais. I gcás nach gcomhlíonann Iarratas na Ceanglais maidir le hIarratas, measfar an t-Iarratas a bheith neamhchríochnaithe agus diúltófar dó ar an mbonn sin, gan dul ar aghaidh ag an gCoimisiún chun measúnú a

³ S187(1) An tAcht Craolacháin 2009



dhéanamh ar shubstaint an iarratais.

- 3.7 Tá na hiarratasóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis uile ina n-iarratas cruinn, lena n-áirítear sonraí maidir leis an eagraíocht taighde lena bhfuil siad cleamhnaithe, agus, go háirithe, sonraí teagmhála na heagraíochta sin.
- 3.8 Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéanfaidh Coimisiún na Meán, mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta, measúnú ar iarratais agus ar dhoiciméid tacaíochta a chuirtear isteach i mBéarla nó i nGaeilge amháin.
- 3.9 I gcás ina ndiúltaíonn An Coimisiún d'iarratas ar an mbonn go bhfuil sé neamhchríochnaithe, moltar don Iarratasóir/do na hIarratasóirí iarratas nua a chur isteach arís, a chomhlíonann na Ceanglais maidir le iarratais ina n-íomláine. Chun amhras a sheachaint, sna cúinsí sin ní mór don Iarratasóir/do na hIarratasóirí iarratas nua a chur isteach tríd an Tairseach. Ní féidir féachaint le d'iarratas tosaigh a fhorlíonadh nó a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar diúltaíodh dó agus ní bheidh An Coimisiún in ann breithniú a dhéanamh ar aon fhaisnéis nó doiciméadacht a chuirtear faoina bhráid i dtaca le hiarratas dá diúltaíodh.
- 3.10 I gcás ina measfar iarratas a bheith críochnaithe, rachaidh sé ar aghaidh go dtí céim an mheasúnaithe ('Measúnú'). I gcás ina mbeidh measúnú tosaigh déanta ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha de Thionscnamh, déanfaidh An Coimisiún an measúnú tosaigh sin a mheas mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta ina mheasúnú ar an iarratas. Beidh An Coimisiún páirteach sa Mheasúnú agus breithniú á dhéanamh aige ar an iarratas agus ar an doiciméadacht tacaíochta a cuireadh ar fáil d'fhonn a chinneadh ar léirigh an tIarratasóir/na hIarratasóirí gur chomhlíon siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus na ceanglais ghaolmhara a leagtar amach in Airteagal 8 den Ghníomh Tarmlichthe.
- 3.11 Le linn an Mheasúnaithe, féadfaidh An Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh ar an Iarratasóir/na hIarratasóirí maidir le hiarratas. Mar a shonraítear thíos, féadfaidh An Coimisiún deis a thabhairt don Ardán An-Mhór ar Líne nó an Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne ábhartha, barúlacha a chur isteach maidir le hiarratas. Agus faisnéis á iarraidh agus/nó an deis á tabhairt aige barúlacha a chur isteach, sonródh An Coimisiún tréimhse ama inar cheart an fhaisnéis agus/nó na barúlacha a chur ar fáil.
- 3.12 In imthosca ina gcuirtear amlínte dochta ar fáil don Choimisiún, ina cháil mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na Bunaíochta, chun measúnú a dhéanamh agus cinneadh a sheachadadh, beidh seachadadh faisnéise breise a iarrrar ar an Iarratasóir (nó ar na hIarratasóirí) nó ar an Ardán An-Mhór ar Líne nó ar an Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne, de réir mar is iomchuí, íogair ó thaobh ama de.
- 3.13 I bhfianaise fogaireacht an ama sin, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh mainneachtain Iarratasóra/Iarratasóirí an fhaisnéis a d'iarr An Coimisiún a chur ar fáil laistigh den tréimhse ama a leagtar amach tionchar a imirt ar chumas an Choimisiúin dul ar aghaidh leis an Measúnú ar an iarratas. Ina theannta sin, mura gcuireann an tIarratasóir/na hIarratasóirí an fhaisnéis a d'iarr An Coimisiún ar fáil, d'fhéadfadh cinneadh a bheith mar thoradh air nár léirigh an tIarratasóir/na hIarratasóirí go gcomhlíonann siad na coinníollacha ainmniúcháin agus na ceanglais ghaolmhara.
- 3.14 Féadfaidh An Coimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe ábhair le linn an Mheasúnaithe agus is féidir go gceanglófar doiciméid san Iarratas a chomhroinnt chuige sin.
- 3.15 D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach don Choimisiún faisnéis atá san iarratas agus sna doiciméid tacaíochta a roinnt leis an Ardán An-Mhór ar Líne nó an Inneall Cuardaigh An-Mhór ar Líne ábhartha chun deis a thabhairt don Choimisiún barúlacha a chur isteach maidir leis an iarratas sula ndéanfar cinneadh. Ar an gcaoi chéanna, in imthosca áirithe, d'fhéadfadh sé gur



ghá don Choimisiún faisnéis atá sna haighneachtaí a rinne an Ardán An-Mhór ar Líne nó an Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne a roinnt le hlarratasóir sula ndéanfar cinneadh. Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún freisin forléargas ar iarraidh réasúnaithe a fhoilsiú ar thairseach rochtana sonraí GSD a luaithe a bheidh sí foirmlithe.

- 3.16 I bhfianaise an mhéid sin, má tá aon fhaisnéis in iarratas agus i ndoiciméadacht tacaíochta agus/nó in aighneachtaí a mheasann na hlarratasóirí agus/nó na hArdáin An-Mhór ar Líne agus na hInnill Chuardaigh An-Mhór ar Líne a bheith rúnda, ba cheart don larratasóir (nó do na hlarratasóirí) agus do na hArdáin An-Mhór ar Líne agus na hInnill Chuardaigh An-Mhór ar Líne an fhaisnéis sin a shainaithint go soiléir agus míniú a thabhairt ar an bhfáth a gcreideann siad nár cheart í a chomhroinnt ná a fhoilsiú. Féadfar a áireamh ar fhaisnéis rúnda faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de (cibé acu don larratasóir nó do na hlarratasóirí, nó don Ardán An-Mhór ar Líne nó don Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne, nó do pháirtí eile, amhail an eagraíocht taighde lena bhfuil an larratasóir nó na hlarratasóirí cleamhnaithe).
- 3.17 Agus iad ag maíomh go bhfuil an fhaisnéis faoi rún, ba cheart d'larratasóirí agus do na hArdáin An-Mhór ar Líne agus do na hInnill Chuardaigh An-Mhór ar Líne an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) Na píosaí sonracha faisnéise sin a n-éilítear rúndacht ina leith a shainaithint;
 - (b) Míniú a thabhairt ar an mbonn ar a n-éilítear rúndacht agus, trína dhéanamh sin, an dochar a thiocfadh as faisnéis a mhaítear a bheith rúnda a nochtadh a shainaithint go soiléir;
 - (c) i) Leagan neamhrúnda agus ii) leagan rúnda de gach ceann de na doiciméid ábhartha don Choimisiún. Leis an leagan neamhrúnda de na doiciméid ábhartha, ba cheart an fhaisnéis a bhfuil rúndacht á héileamh ina leith a fholú; agus
 - (d) achoimre neamhrúnda a sholáthar ar fhaisnéis a n-éilítear rúndacht ina leith.
- 3.18 Tabhair do d'aire, i dtéarmaí ginearálta, nach bhféadfaidh larratasóirí agus na hArdáin An-Mhór ar Líne nó na hInnill Chuardaigh An-Mhór ar Líne rúndacht a éileamh ar dhoiciméad iomlán nó ar chodanna iomlána de dhoiciméad. Ba cheart é a bheith indéanta faisnéis rúnda a chosaint le folú teoranta; ní ghlacfar le leathanaigh atá go hiomlán bán nó dubh gan údar. Coimeádann An Coimisiún an rogha aige féin cibé faisnéis a mheasann sé is gá a roinnt nó a fhoilsiú.
- 3.19 Ceanglaítear ar an gCoimisiún d'iarratas a chinneadh laistigh de 80 lá oibre tar éis an dáta a chuirtear isteach é. Is féidir an tréimhse 80 lá sin a leathnú i gcás ina bhfuil údar leis sin. I gcás ina dteastaíonn am breise ón gCoimisiún chun a chinneadh a dhéanamh, cuirfidh sé an méid sin in iúl don larratasóir/do na hlarratasóirí, agus míneoidh sé an bonn ar a bhfuil am breise ag teastáil agus cuirfidh sé dáta nua in iúl don larratasóir/do na hlarratasóirí faoina gcinneadh an t-iarratas.
- 3.20 Tabharfar fógra don larratasóir/do na hlarratasóirí faoi chinneadh An Choimisiúin maidir leis an iarratas tríd an Tairseach (an '**Cinneadh faoin larratas**'). I gcás ina gcinneann An Coimisiún an t-larratasóir (nó na hlarratasóirí) a ainmniú mar Thaighdeoir Grinnfhiosraithe don taighde sonrath, rachaidh An Coimisiún ar aghaidh le hiarraidh réasúnaithe ar rochtain ar shonraí a eisiúint chuig an Ardán An-Mhór ar Líne ábhartha nó chuig an Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne ábhartha lena mbaineann (an '**Iarraidh Réasúnaithe**').
- 3.21 Tar éis an Iarraidh Réasúnaithe a fháil, ní mór don Ardán An-Mhór ar Líne nó don Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne rochtain a fháil ar na sonraí a iarrtar a sholáthar don larratasóir (nó do na hlarratasóirí) laistigh den tréimhse ama a shonraítear san Iarraidh Réasúnaithe, i gcomhréir le téarmaí na hlarrata Réasúnaithe nó, laistigh de 15 lá tar éis an Iarraidh Réasúnaithe a fháil, togra a chur isteach le haghaidh leasú ar an Iarraidh Réasúnaithe ('**Iarraidh ar Leasú**') ar an mbonn seo a leanas:
- (a) Níl rochtain acu ar na sonraí; nó



(b) Dá dtabharfaí rochtain ar na sonraí, thiocfadh leochaileachtaí suntasacha as sin i dtaca le slándáil a seirbhíse nó cosaint faisnéise rúnda, rúin cheirde go háirithe.

- 3.22 Cinnfidh an Coimisiún aon Iarraidh ar Leasú a chuirtear faoina bhráid i gcomhréir le GSD agus leis an nGníomh Tarmlichte laistigh de 15 lá eile. Le cur ar chumas An Choimisiúin a chinneadh a dhéanamh, féadfaidh sé iarrataí ar fhaisnéis a eisiúint chuig an Iarratasóir (nó chuig na hIarratasóirí) agus/nó chuig an Ardán An-Mhór ar Líne nó chuig an Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne lena mbaineann agus/nó dul i gcomhairle le saineolaithe ábhair. Má ghlacann an Coimisiún leis an togra leasaithe, cuirfidh an Coimisiún Iarraidh Réasúnaithe nua le chéile agus eiseofar chuig an VLOP/VLOSE í agus ceanglófar air ansin téarmaí athbhreithnithe na hIarrata Réasúnaithe a chomhlíonadh. Tabharfar fógra don Iarratasóir/do na hIarratasóirí faoi chinneadh An Choimisiúin i ndáil le haon Iarraidh ar Leasú agus cuirfear an Iarraidh Réasúnaithe leasaithe ar fáil dó/dóibh, i gcás inarb infheidhme.
- 3.23 Tabharfar fógra don Iarratasóir/do na hIarratasóirí tríd an Tairseach freisin i gcás ina gcinneann An Coimisiún nach léiríonn an t-Iarratas go gcomhlíonann an tIarratasóir/na hIarratasóirí na coinníollacha ainmniúcháin agus na ceanglais ghaolmhara agus, dá réir sin, go ndiúltaíonn séan tIarratasóir/na hIarratasóirí a ainmniú mar Thaighdeoir Grinnfhiosraithe don taighde sonraithe. I gcás inar diúltaíodh d'Iarratas, más mian leis an Iarratasóir/na hIarratasóirí an diúltú a cheistiú, beidh 14 lá ag an Iarratasóir/na hIarratasóirí ó dháta seirbhéala an fhógra faoin gcinneadh seo chun athbhreithniú a iarraidh ó athbhreithneoir neamhspleách (**'Iarraidh ar Athbhreithniú'**) ar an gCinneadh maidir le hIarratas.



4 Conas iarratas a dhéanamh

- 4.1 Ní mór iarratais a chur isteach tríd an Tairseach.
- 4.2 Le rochtain a fháil ar na gnéithe atá le fáil ar an áit phríobháideach den Tairseach, rud atá riachtanach chun iarratas a dhéanamh, is gá do gach taighdeoir dintiúir logála an Aontais a bheith aige agus ní mór próifíl a bheith cruthaithe aige ar an Tairseach.
- 4.3 Ba cheart do gach taighdeoir atá rannpháirteach in iarratas ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe próifíl thiomnaithe a chruthú ar an Tairseach chun iarratais ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe a chur isteach mar phríomhthaighdeoir nó mar thaighdeoir is iarratasóir ar an iarratas ar stádas Taighdeora Grinnfhiosraithe.



5 Ceanglais Iarratais

- 5.1 Déanfar iarratas san fhoirm agus ar an modh a shonróidh An Coimisiún⁴ agus leagtar amach sa chuid seo den Treoir cad is gá a bheith in iarratas chun go measfaidh an Coimisiún gur iarratas iomlán é. Mura gcomhlíontar na Ceanglais maidir le hlarratas, d'fhéadfadh sé go ndiúltófaí d'iarratas toisc é a bheith neamhchríochnaithe, rud a chiallaíonn nach rachaidh sé ar aghaidh chuig céim an Mheasúnaithe.
- 5.2 Tá an tIarratasóir/na hIarratasóirí freagrach as a léiriú go gcomhlíonann sé/siad na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8) den GSD agus na ceanglais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmligthe agus ní mór don Iarratasóir/do na hIarratasóirí an fhaisnéis uile agus an fhianaise dhoiciméadach a shonraítear sa Treoraíocht seo a chur isteach agus/nó de réir mar a iarrfaidh An Coimisiún ag céim níos déanaí. Tá sé tábhachtach go gcinntíonn an tIarratasóir/na hIarratasóirí go soláthrófar **faisnéis iomlán agus chruinn** chun aon mhoilleanna ar an bpróiseas iarratais a sheachaint agus ionas nach ndúnfar iarratas ar an mbonn go bhfuil sé neamhchríochnaithe.
- 5.3 Agus measúnú á dhéanamh aige ar iarratas, tabharfaidh An Coimisiún aird ar an bhfaisnéis a chuir an tIarratasóir/na hIarratasóirí faoina bhráid agus freisin ar fhaisnéis atá ar fáil dó óna bhailiú neamhspleách faisnéise agus taighde neamhspleách féin a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir lena fhíorú ar an bhfaisnéis a chuir an tIarratasóir/na hIarratasóirí faoina bhráid. Féadfaidh An Coimisiún faisnéis a chuireann an Ardán An-Mhór ar Líne nó chuig an Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne ar fáil dó i dtaca le hiarratas a chur san áireamh freisin.

⁴ Alt 187(1) d'Acht 2009.



6 Faisnéis atá le soláthar maidir le gach ceann de na coinníollacha in Airteagal 40(8) agus na ceanglais ghaolmhara sa Ghníomh Tarmlichte chun go measfar iarratas a bheith críochnaithe

6.1 Airteagal 40(8)(a) – Cleamhnacht le hEagraíocht Taighde a Léiriú

Le haghaidh gach taighdeora is iarratasóir, ní mór (i) cleamhnacht le heagraíocht taighde a léiriú san iarratas. Chun na gcríoch sin, sainmhínítear ‘eagraíocht taighde’ mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus áirítear ann eagraíochtaí sochaí sibhialta ag a bhfuil taighde eolaíoch á dhéanamh agus é de phríomhspríoc aige sin tacú lena misean leasa phoiblí (“**Eagraíocht Taighde**”). Chun a mheas go bhfuil sé iomlán, ní mór faisnéis agus doiciméadacht a bheith san iarratas trína gceadófar don Choimisiún measúnú a dhéanamh, i leith gach taighdeora is iarratasóir, ar a gcleamhnacht le hEagraíocht Taighde.

Mar chuid de sin féadfar a áireamh ceann amháin ar a laghad, agus i gcásanna áirithe níos mó ná ceann amháin, de na míreanna a liostaítear thíos a sholáthar, ach níl sé teoranta dó sin. Ba cheart d’iarratasóirí machnamh a dhéanamh, ag féachaint dá n-imthosca sonracha, ar an bhfaisnéis agus ar an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun go léireoidh a n-iarratas cleamhnacht le hEagraíocht Taighde:

Cleamhnacht

- (a) Cruthúnas ar chomhlachas dlíthiúil le hEagraíocht Taighde;
- (b) Conradh fostaíochta don taighdeoir i gceist;
- (c) Litir bronnta maoinithe;
- (d) Litir formheasa eiticíúil;
- (e) Deimhniú go bhféadfaidh an taighdeoir brath ar bhearta slándála na hEagraíochta Taighde maidir le faisnéis theicniúil agus eagraíochtúil chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 40(8)(d).

Eagraíocht Taighde

- (a) Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Airgeadais, Tuairisceáin, etc., ón eintiteas dlíthiúil lena léirítear go leithdháiltear cuid shuntasach den mhaoiniú ar ghníomhaíochtaí taighde agus go bhfeidhmíonn an eagraíocht ar bhonn seachbhrabúsach;
- (b) Le haghaidh institiúidí poiblí, naisc chuig an téacs dlíthiúil lena gcruthaítear an institiúid;
- (c) Naisc chuig codanna ábhartha de shuíomh gréasáin na hEagraíochta Taighde;
- (d) Ábhartha, Airteagail Chomhlachais, nó Bunreacht, misean leasa phoiblí atá aitheanta ag Ballstát den Aontas;
- (e) Rialachais a bhaineann le bord na hEagraíochta Taighde;
- (f) Más ag feidhmiú ar bhonn seachbhrabúsach atáthar, doiciméadacht lena léirítear stádas seachbhrabúsach nó carthanachta na hEagraíochta Taighde;
- (g) Más ag feidhmiú ar bhonn ‘neamhbhrabúsach’ atáthar, fianaise lena léirítear go ndéantar na brabúis uile a ath-infheistiú i dtaighde eolaíoch amhail tuarascálacha bliantúla nó ráitis airgeadais; agus/nó
- (h) Deimhniú nach n-úsáideann aon pháirtí a imríonn tionchar cinntitheach ar an eagraíocht na torthaí a ghintear le taighde na heagraíochta ar bhonn fabhrach, lena n-áirítear rochtain speisialta nó eisiach, rochtain luath ar thorthaí etc.



6.2 Airteagal 40(8)(b) – Neamhspleáchas ar Leasanna Tráchtála a Léiriú

Le haghaidh gach taighdeora is iarratasóir, ní mór neamhspleáchas ar leasanna tráchtála a léiriú leis an iarratas. Ní mór do gach taighdeoir is iarratasóir dearbhú críochnaithe neamhspleáchais ó leasanna tráchtála a sholáthar.

Le doiciméadacht eile lena bhféadfar neamhspleáchas ar leasanna tráchtála a léiriú áirítear doiciméid a bhaineann leis an méid seo a leanas, ach níl sí teoranta dó sin:

- (a) Struchtúr úinéireachta na hEagraíochta Taighde agus cé a dhéanann cinntí straitéiseacha;
- (b) Samhail airgeadais na hEagraíochta Taighde (agus má áirítear foinsí maoinithe iomadúla sa tsamhail, agus an céanna á shonrú);
- (c) Comhaontuithe maoinithe a bheith ann;
- (d) Aon chomhaontuithe comhpháirtíochta a bheith ann;
- (e) Aon chóid iompair agus eitice atá ag na taighdeoirí chomh maith leis an mbeartas coinbhleachta leasa;
- (f) Deimhniú nach ann don mhéid seo a leanas, nó más infheidhme, míniú ar an méid seo a leanas:
 - (i) Coinbhleacht leasa arbh é a thiocfadh aisti nach mbeadh an taighdeoir is iarratasóir neamhspleách ar leasanna tráchtála;
 - (ii) Maoiniú ó eintitis tráchtála / phríobháideacha / leathphríobháideacha;
 - (iii) Leas airgeadais in aon Ardán An-Mhór ar Líne nó in aon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne, nó in iomaitheoir aon Ardáin An-Mhór ar Líne nó aon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne;
 - (iv) Fostaíocht roimhe seo le haon Ardán An-Mhór ar Líne nó le haon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne, nó le hiomaitheoir aon Ardáin An-Mhór ar Líne nó aon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne laistigh de na trí bliana seo caite;
 - (v) Caidreamh gnó ábhartha le haon Ardán An-Mhór ar Líne nó le haon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne, nó le hiomaitheoir aon Ardáin An-Mhór ar Líne nó aon Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne, go díreach nó trí aon eagraíocht eile ina bhfuil an taighdeoir is iarratasóir ina chomhpháirtí, ina scairshealbhóir, ina stiúrthóir, ina fostaí sinsearach, etc.;
 - (vi) Dlúthnaisc theaghlaigh le haon scairshealbhóir, stiúrthóir nó fostaí sinsearach de chuid Ardáin An-Mhór ar Líne nó de chuid Inneall Chuardaigh An-Mhór ar Líne.

6.3 Airteagal 40(8)(c) - Faisnéis is gá i ndáil le Maoiniú an Taighde

Ní mór don iarratasóir maoiniú an taighde is ábhar don iarratas a nochtadh. Chun an coinníoll sin a chomhlíonadh, ní mór faisnéis agus/nó doiciméadacht a sholáthar lena nochtar maoiniú an taighde, lena n-áireofar mionsonraí maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais lena dtacaítear leis an taighde is ábhar don iarratas.

Is féidir na doiciméid agus an fhaisnéis a liostaítear thíos a áireamh leis sin, ach níl sé teoranta dóibh sin. Ba cheart d'iarratasóirí machnamh a dhéanamh ar a gcúinsí féin, agus a chinneadh an fhaisnéis agus doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun a léiriú go nochtar maoiniú an taighde lena n-iarratas:

- (a) Mionsonraí ar ranníocaíochtaí airgeadais, de chineál poiblí nó príobháideach araon, lena dtacaítear leis an tionscadal taighde dá n-iarrtar na sonraí agus dátaí aon mhaoinithe ábhartha. Ba cheart a áireamh leis sin ranníocaíochtaí airgeadais a fuarthas cheana tráth a chuirtear an t-iarratas isteach nó ranníocaíochtaí airgeadais féideartha ar a ndearnadh iarratas ach ar ina leith atá cinntí ar feitheamh;



- (b) Mionsonraí maidir le ranníocaíochtaí neamhairgeadais a mbainfeadh an tionscadal taighde tairbhe astu, amhail ranníocaíochtaí comhchineáil, úsáid saoráidí, nó spleáchas struchtúrach ar saineolas a thabhairt;
- (c) Mionsonraí ar aon mhaoiniú indíreach, amhail foinsí tuarastal nó íocaíochtaí eile don taighdeoir;
- (d) Cóip d'aon litir bronnta maoinithe;
- (e) Cóip d'aon chomhaontú deontais;
- (f) Dearbhú arna shíniú ag gach taighdeoir is iarratasóir, á dhearbhu gurb amhlaidh seachas an maoiniú tríú páirtí arna nochtadh ag an taighdeoir is iarratasóir, nach mbeartaíonn an taighdeoir is iarratasóir a bheith ag brath ar aon mhaoiniú chun an taighde a dhéanamh seachas maoiniú indíreach nó taighde neamhairgeadais arna sholáthar ag Eagraíocht Taighde cleamhnachta an taighdeora is iarratasóir;
- (g) Faisnéis maidir le maoiniú i dtaobh aon socruithe atá i bhfeidhm chun maoiniú a líonadh nó tacú ar shlí eile leis an obair i gcás ina dtiocfadh deireadh leis an mbronnadh maoinithe reatha roimh dháta fhad na rochtana ar sonraí.

Ba cheart a áireamh san fhaisnéis a sholáthraíonn an tIarratasóir/na hIarratasóirí mionsonraí faoi aon ranníocaíocht, amhail an t-eintiteas maoinithe, méid, cineál agus fad na ranníocaíochta, lena n-áirítear ar dámhadh an maoiniú cheana nó an bhfuil meastóireacht á déanamh air go fóill, chomh maith le, i gcás inarb infheidhme, tagairtí ábhartha do thionscadail arna maoiniú ag an Aontas.

I gcás inarb infhaighte, ba cheart a áireamh san iarratas ar stádas TG freisin na torthaí ar na meastóireachtaí arna ndéanamh ag an eintiteas a sholáthraíonn an maoiniú.

6.4 Airteagal 40(8)(d) - Cumas a léiriú chun ceanglais shonracha maidir le slándáil sonraí, rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh

Ní mór a léiriú san iarratas go bhfuil an tIarratasóir/na hIarratasóirí in ann na ceanglais shonracha maidir le slándáil sonraí agus rúndacht a chomhfhreagraíonn do na sonraí a iarradh a chomhlíonadh agus sonraí pearsanta a chosaint (i gcás inarb ábhartha).

Leis an iarratas, ní mór faisnéis a áireamh maidir leis na rioscaí sainaitheanta ó thaobh rúndachta, slándáil sonraí agus cosaint sonraí pearsanta a bhaineann leis na sonraí ar a bhfaighfí rochtain, cur síos ar na bearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla a chuirfear i bhfeidhm, lena n-áirítear, i gcás inarb féidir, módúlachtaí rochtana molta, chun na rioscaí sin a mhaolú agus na sonraí a iarrtar á bpróiseáil.

Mar chuid de sin, ní mór an méid seo a leanas a áireamh:

- (a) Cur síos ar bhearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla chun na rioscaí thuas a mhaolú;
- (b) Rioscaí maidir le slándáil sonraí agus rúndacht a bhaineann leis an iarradh a shainaithint;
- (c) Mionsonraí maidir leis an módúlacht rochtana atá beartaithe agus na bearta slándála teicniúla a bhaineann léi;
- (d) Cur síos ar cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí faoi ainm bréige nó a bhaineann nó nach mbaineann siad le duine aonair atá sainaitheanta nó in-sainaitheanta gan gá le haon fhaisnéis bhreise;
- (e) Faisnéis lena léirítear comhlíonadh reachtaíochta maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear measúnú ar na rioscaí a bhainfeadh le sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh ábhair sonraí;
- (f) Doiciméadacht ábhartha maidir le cosaint sonraí lena sainithnítear na ról agus na freagrachtaí de réir bhrí reachtaíocht maidir le cosaint sonraí;
- (g) Cur síos ar an mbonn dlíthiúil atá le húsáid faoi RGCS; agus
- (h) Cur síos ar bhearta teicniúla, eagraíochtúla agus dlíthiúla chun na rioscaí a bhaineann le sonraí pearsanta a mhaolú.



Faoi cheanteidil éagsúla, leagtar amach treoir bhreise thíos i leith chomhlíonadh Airteagal 40(8)(d).

Slándáil Sonraí

Maidir leis na doiciméid a fhéadfar a sholáthar chun a léiriú gur féidir leis an Iarratasóir/na Hlarratasóirí na ceanglais shonracha slándála sonraí a chomhfhreagraíonn do na sonraí arna n-iarraidh a chomhlíonadh, áirítear ceann amháin nó níos mó de na doiciméid a liostaítear thíos, ach níl siad teoranta dóibh. Ba cheart don Iarratasóir/do na Hlarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar d'Iarratais/bhur n-Iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin:

- (a) Measúnú Slándála TFC;
- (b) Creidiúnú slándála imscrúdaitheoirí nó eintiteas;
- (c) Measúinthe slándála nó measúinthe teicniúla ar bhogearraí;
- (d) Cur síos mionsonraithe ar bhearta slándála teicniúla maidir leis an módúlacht rochtana bheartaithe;
- (e) Beartais phríobháideachais maidir leis an Timpeallacht Shlán Phróiseála (SPE);
- (f) Conradh agus téarmaí agus coinníollacha SPE;
- (g) Deimhniú Chaighdeáin ISO;
- (h) Doiciméadacht slándála TF a bhaineann le TF de chuid na hEagraíochta Taighde (más ábhartha);
- (i) Plean Bainistíochta Sonraí (DMP) agus athbhreithniú/moltaí na hEagraíochta Taighde ag gabháil leis;
- (j) Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus athbhreithniú/moltaí ón Oifigeach Cosanta Sonraí (DPO);
- (k) Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA);
- (l) Aon doiciméadacht eile lena léirítear cur chun feidhme dea-chleachtas maidir le slándáil sonraí; agus
- (m) Dearbhú arna shíniú ag an Eagraíocht Taighde go bhféadfaidh an taighdeoir bearta teicniúla agus eagraíochtúla na heagraíochta taighde a úsáid chun na ceanglais maidir le slándáil sonraí a chomhfhreagraíonn do na sonraí a iarrtar a chomhlíonadh.

Rúndacht Sonraí

Maidir leis na doiciméid a fhéadfar a sholáthar chun a léiriú go bhfuil an Iarratasóir nó na Hlarratasóirí in ann na ceanglais shonracha maidir le rúndacht sonraí a chomhfhreagraíonn do na sonraí arna n-iarraidh a chomhlíonadh, áirítear ceann amháin nó níos mó de na doiciméid a liostaítear thíos, ach níl siad teoranta dóibh. Ba cheart d'Iarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar an Iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin:

- (a) Plean Bainistíochta Sonraí le hathbhreithniú/moltaí ón Eagraíocht Taighde;
- (b) Léaráid den Sreabhadh Sonraí (DFD);
- (c) Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí agus athbhreithniú/moltaí ó Oifigeach Cosanta Sonraí ag gabháil leis;
- (d) Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA);
- (e) Ba cheart aon rannpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta um Chosaint Sonraí (DPA) a chur i gceangal mar dhoiciméadacht tacaíochta;
- (f) Ráiteas tuisceana á rá nár cheart ach torthaí comhiomlána nó achoimre a fhoilsiú;
- (g) Ráiteas tuisceana á rá nár cheart sonraí loma ná ar leibhéal an duine aonair a fhoilsiú;
- (h) Dearbhú arna shíniú ag an Eagraíocht Taighde go bhféadfaidh an taighdeoir bearta teicniúla agus eagraíochtúla;
- (i) na hEagraíochta Taighde a úsáid chun na ceanglais maidir le rúndacht sonraí a chomhfhreagraíonn do na sonraí arna n-iarraidh a chomhlíonadh.



Cosaint Sonraí Pearsanta

Maidir leis na doiciméid a fhéadfar a sholáthar chun a léiriú go bhfuil an t-iarratasóir/na hiarratasóirí in ann na ceanglais shonracha maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhfhreagraíonn do na sonraí arna n-iarraidh a chomhlíonadh, áirítear ceann amháin nó níos mó de na doiciméid a liostaítear thíos iontu, ach níl siad teoranta dó sin. Ba cheart don Iarratasóir/do na Hlarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar d'iarratais/bhur n-iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin:

- (a) Plean Bainistíochta Sonraí (DMP) agus athbhreithniú/moltaí na hEagraíochta Taighde ag gabháil leis;
- (b) Léaráid den Sreabhadh Sonraí (DFD);
- (c) Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus athbhreithniú/moltaí ó DPO ag gabháil leis;
- (d) Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála (ROPA);
- (e) Ba cheart aon rannpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta um Chosaint Sonraí (DPA) a chur i gceangal mar dhoiciméadacht tacaíochta;
- (f) Ráiteas tuisceana á rá nár cheart ach torthaí comhiomlána nó achoimre a fhoilsiú;
- (g) Ráiteas tuisceana á rá nár cheart sonraí loma ná ar leibhéal an duine aonair a fhoilsiú;
- (h) Ráiteas á rá nach ndéanfar aon iarracht chun ábhair sonraí a ath-shainiú;
- (i) Dearbhú arna shíniú ag an eagraíocht taighde go bhféadfaidh an taighdeoir bearta teicniúla, eagraíochtúla agus dlíthiúla na heagraíochta taighde a úsáid chun na ceanglais cosanta sonraí pearsanta a chomhfhreagraíonn do na sonraí arna n-iarraidh a chomhlíonadh;
- (j) Cur síos ar an mbonn dlíthiúil atá le húsáid faoi RGCS.

Bearta Teicniúla chun Sonraí a Chosaint

Chun go gcomhlíonfaidh an tIarratasóir/na Hlarratasóirí an coinníoll go léireoidh sé/siad san iarratas na bearta teicniúla iomchuí a chuir an tIarratasóir/na Hlarratasóirí i bhfeidhm agus a chuirfidh sé/siad i bhfeidhm ag féachaint do shlándáil agus rúndacht sonraí agus, más infheidhme, cosaint sonraí pearsanta, ar na doiciméid atá le soláthar is féidir go n-áireofar na cinn a liostaítear thíos. Ba cheart d'Iarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar an iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin:

- (a) Cur síos mionsonraithe ar bhearta slándála teicniúla maidir leis an módúlacht rochtana bheartaithe;
- (b) Deimhniú ISO 27001, ISO 27002, ISO 27701 nó a chomhchosúil;
- (c) Tuarascáil Fianaithe SOC2 nó a chomhchosúil;
- (d) Comhlíonadh Threoir NIS2 nó a chomhchosúil; agus/nó;
- (e) Dearbhú arna shíniú ag an Eagraíocht Taighde go bhféadfaidh an taighdeoir bearta teicniúla na hEagraíochta Taighde a úsáid chun na ceanglais theicniúla a chomhfhreagraíonn do na sonraí a iarrtar a chomhlíonadh.

Bearta Eagraíochtúla chun Sonraí a Chosaint

Chun go gcomhlíonfaidh an tIarratasóir/na Hlarratasóirí an coinníoll go léireoidh sé/siad san iarratas na bearta eagraíochtúla iomchuí a cuireadh i bhfeidhm agus a chuirfear i bhfeidhm ag féachaint do shlándáil agus rúndacht sonraí agus, más infheidhme, cosaint sonraí pearsanta, ar na doiciméid atá le soláthar is féidir go n-áireofar na cinn a liostaítear thíos. Ba cheart d'Iarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar an iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin:

- (a) Comhaontú comhroinnte sonraí;
- (b) Comhaontuithe neamhnochna;
- (c) Bearta bainistíochta sonraí;



- (d) Athbheithniú/formheas eiteiciúil nó modheolaíoch;
- (e) Deimhniú ó Oiliúint Cosanta Sonraí nó a gcomhchosúil;
- (f) Beartas Sáraithe Sonraí na hEagraíochta Taighde;
- (g) Gealltanús ón taighdeoir lena dtoirmeascstar é na sonraí a nochtadh d'aon duine nó daoine nach n-ainmnítear ina n-iarratas, toirmeasc ar shonraí a úsáid nó a nochtadh ar aon mhodh nach ndearnadh cur síos air san iarratas;
- (h) Dearbhú arna shíniú ag an Eagraíocht Taighde go bhféadfaidh an taighdeoir bearta eagraíochtúla na hEagraíochta Taighde a úsáid chun na ceanglais eagraíochtúla a chomhfheagraíonn do na sonraí a iarrtar a chomhlíonadh.

Bearta Dlíthiúla chun Sonraí a Chosaint

Chun go gcomhlíonfaidh an tIarratasóir/na hIarratasóirí an ceanglas go léireoidh sé/siad san iarraidh na bearta dlíthiúla iomchuí a cuireadh i bhfeidhm ag féachaint do shlándáil agus rúndacht sonraí agus, más infheidhme, cosaint sonraí pearsanta, ar na doiciméid atá le soláthar is féidir go n-áireofar na cinn a liostaítear thíos. Ba cheart d'Iarratasóirí a mheas, ag féachaint d'ábhar an iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun na críche sin;

- (a) Comhaontú comhroinnte sonraí;
- (b) Comhaontú neamhnochtá;
- (c) Comhaontú próiseála sonraí le haon tríú páirtí a phróiseálfad na sonraí thar do cheann;
- (d) Cosaintí conarthacha eile.

Breithnithe Speisialta le haghaidh Aistrithe Sonraí Pearsanta Idirnáisiúnta

I gcás cuid de na sonraí, nó na sonraí uile, ar a bhfaighidh an tIarratasóir/na hIarratasóirí rochtain má dheonaítear stádas TG air/orthu, d'fhéadfadh sé nach sonraí pearsanta a bheadh iontu. Mar sin féin, má fhaigheann an tIarratasóir/na hIarratasóirí rochtain ar aon sonraí pearsanta, ba cheart a léiriú san iarratas cé acu a bheidh nó nach mbeidh aon 'aistriú sonraí pearsanta idirnáisiúnta' ann chun críocha RGCS. Is éard is aistriú sonraí pearsanta idirnáisiúnta ann aistriú sonraí pearsanta chuig tír lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("LEE").

Tá an bhrí atá le haistriú thar a bheith leathan. Ní cheanglaítear aistriú fisiciúil sonraí ná aistriú díreach chuige sin agus is féidir go n-áireofar rochtain chianda ó thríú tír leis. Ar chuid de na samplaí den mhéid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le haistriú sonraí pearsanta idirnáisiúnta, áirítear na nithe seo a leanas, ach níl siad teoranta dóibh:

- (a) Cás ina bhfuil an tIarratasóir/na hIarratasóirí nó an Eagraíocht Taighde chleamhnaithe lonnaithe nó bunaithe i dtír lasmuigh de LEE;
- (b) Cás ina bhfuil an tIarratasóir/na hIarratasóirí nó an Eagraíocht Taighde chleamhnaithe lonnaithe nó bunaithe laistigh de LEE; mar sin féin, déanfar na sonraí a óstáil nó a sholáthar, nó gheofar rochtain orthu, ar ardán atá lasmuigh de LEE.

I gcás ina mbeidh aistriú sonraí pearsanta idirnáisiúnta ann má bhronntar stádas TG ar an Iarratasóir/na hIarratasóirí, ní mór a léiriú leis an iarratas go gcinnteoidh an tIarratasóir/na hIarratasóirí go gcomhlíonfar na hoibleagáidí faoi RGCS i dtaca leis an aistriú sin, i.e. go mbeidh an rochtain á cumhdach ag:

- (a) An tríú tír atá cumhdaithe le 'cinneadh leordhóthanachta',
- (b) Cosaintí iomchuí le haghaidh cearta daoine is ábhar do na sonraí (e.g. rachaidh an tIarratasóir i mbun Clásail Chonarthacha Chaighdeánacha lena rialaítear an t-aistriú agus gur cuireadh Measúnú Tionchair ar Aistriú dearfach i gcrích).



6.5 *Airteagal 40(8)(e) - Is gá agus is comhréireach le críocha an taighde iad Rochtain agus Tréimhsí Beartaithe a Léiriú*

Leis an iarratas ní mór a léiriú go bhfuil gá le rochtain ar na sonraí agus leis na tréimhsí a iarrtar chun críocha thaighde an Iarratasóra/na nIarratasóirí, agus go bhfuil siad comhréireach leis na críocha sin, agus go mbeidh na torthaí lena bhfuil súil ar an taighde sin ina rannchuidiú leis na críocha a leagtar síos in Airteagal 40(4) GSD. Le hAirteagal 40(4) déantar foráil maidir le rochtain ar shonraí *“agus é mar aon chuspóir amháin leis an rochtain sin taighde a dhéanamh a chuireann le brath, sainaitheint agus tuiscint na rioscaí sistéamacha san Aontas, mar a leagtar amach in Airteagal 34(1), agus leis an measúnú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus tionchair na mbeart maolaithe riosca de bhun Airteagal 35.”*

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san iarratas:

- (a) Cur síos ar na sonraí a iarrtar, lena n-áirítear formáid, raon feidhme agus, i gcás inar féidir, na gnéithe sonracha, na meiteashonraí ábhartha agus an doiciméadacht sonraí, agus an fhaisnéis a chuirtear ar fáil de bhun Airteagal 6(4) den Ghníomh Tarnligthe (i.e. faisnéis i gcatalóg sonraí GSD de chuid an VLOP/VLOSE) á cur san áireamh freisin;
- (b) Faisnéis maidir le riachtanas agus comhréireacht na rochtana ar na sonraí agus na tréimhsí chun críocha an taighde ar lena aghaidh a iarrtar na sonraí; agus
- (c) Cur síos ar na gníomhaíochtaí taighde atá le déanamh leis na sonraí a iarrtar agus meastachán ar fhad riachtanach na rochtana.

Faoi cheanteidil éagsúla, leagtar amach treoir bhreise thíos i leith chomhlíonadh Airteagal 40(8)(e).

Riachtanas agus Comhréireacht Rochtana:

Chun a léiriú go bhfuil an rochtain ar na sonraí ó iarraidh an Iarratasóra/na nIarratasóirí riachtanach agus comhréireach, ar na doiciméid atá le soláthar is féidir go n-áireofar na cinn a liostaítear thíos. Ba cheart don Iarratasóir/do na hIarratasóirí a mheas, ag féachaint d’ábhar an iarratais, an doiciméadacht ba cheart a sholáthar chun a léiriú go bhfuil an rochtain ar na sonraí a iarrtar riachtanach agus comhréireach:

- (a) Plean Bainistíochta Sonraí (DMP) agus athbhreithniú/moltaí na hEagraíochta Taighde ag gabháil leis;
- (b) Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus athbhreithniú/moltaí ó DPO ag gabháil leis;
- (c) Measúnú ar riachtanas nó doiciméadacht eile den sórt sin lena léirítear gur gá rochtain a fháil ar na sonraí; agus
- (d) Measúnú comhréireachta nó doiciméadacht eile den sórt sin lena léirítear gur comhréireach rochtain a fháil ar na sonraí.

I leith riachtanas agus comhréireacht na rochtana, le hiarratas ba cheart breithniú a dhéanamh, agus i gcás inarb iomchuí, aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas:

Tá súil leis go ndéanfar cur síos soiléir ar na hathrúga sonraí a iarrtar, ar cheart formáid, raon feidhme agus i gcás inar féidir gnéithe sonracha, meiteashonraí ábhartha agus doiciméadacht sonraí a bheith san áireamh ann. Ba cheart do thaighdeoirí na sonraí beachta ar a bhfuil rochtain ag teastáil uathu agus a chreideann siad a fhéadfaidh a bheith ag an VLOP/VLOSE a iarraidh;

- (a) Ba cheart gá a bheith le gach athróg nó grúpa athróg (go háirithe i gcás ina bhfuil sonraí pearsanta i gceist) don tionscadal agus ba cheart don thaighdeoir cur síos a dhéanamh air sin;
- (b) Ba cheart do thaighdeoirí a léiriú nach sáraíonn méid, raon feidhme, gráinneacht ná cineál na sonraí a iarrtar a bhfuil gá leis chun na cuspóirí taighde a bhaint amach;



- (c) Ba cheart do thaighdeoir cur síos a dhéanamh ar conas a roghnaíodh na sonraí agus formáid na sonraí;
- (d) Cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí ina sonraí comhiomlána nó ina sonraí ar leibhéal aonair;
- (e) Cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí a iarrtar ina sonraí anaithnide, faoi ainm bréige nó in-sainaitheanta;
- (f) Ba cheart do thaighdeoirí cur síos a sholáthar ar an bhfáth nach mór na sonraí sin a úsáid (seachas sonraí comhiomlána nó sonraí anaithnide, mar shampla);
- (g) Ba cheart do thaighdeoirí a mheas cé acu atá nó nach bhfuil bealach nach bhfuil chomh sáiteach sin ann chun an taighde a chur i gcrích;
- (h) An bhfuil an méid sonraí atá á bhailiú inchomparáide leis an méid a úsáidtear i dtionscadail nó ailt taighde eile ar an ábhar céanna?
- (i) Déantar cur síos soiléir ar aon íoslághdú ar shonraí agus tugtar údar soiléir leis freisin;
- (j) Go bhfuil an cheist/an hipitéis taighde fóna agus inbhainte amach leis na sonraí a iarrtar;
- (k) Gurb amhlaidh leis an rochtain a iarrtar a aimsítear cothromaíocht idir an tionchar ar na cearta agus na leasanna (e.g. leasanna tráchtála, leasanna i bhfaisnéis rúnda, cearta maoinne intleachtúla, cearta cosanta sonraí, etc.) atá ag (i) na hábhair sonraí; (ii) an VLOP/MLOSE; agus (iii) aon tríú páirtithe eile dá ndéantar difear, agus ba cheart do thaighdeoirí cur síos a dhéanamh ar a measúnú air sin; agus
- (l) Ba cheart cur síos a dhéanamh ar thábhacht an chuspóra.

Riachtanas agus Comhréireacht na Tréimhse Rochtana

Chun a léiriú go bhfuil an tréimhse rochtana ar na sonraí a iarrtar riachtanach agus comhréireach, ar na doiciméid atá le soláthar is féidir go n-áireofar:

- (a) Plean Bainistíochta Sonraí (DMP) agus athbhreithniú/moltaí na hEagraíochta Taighde ag gabháil leis;
- (b) Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) agus athbhreithniú/moltaí ó DPO ag gabháil leis;
- (c) Measúnú ar riachtanas nó doiciméadacht eile den sórt sin lena léirítear go bhfuil gá leis an tréimhse maidir le sonraí; agus/nó
- (d) Measúnú ar chomhréireacht nó doiciméadacht eile den sórt sin lena léirítear go bhfuil an tréimhse maidir le sonraí comhréireach.

I leith riachtanas agus chomhréireacht na tréimhse rochtana, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an méid seo a leanas in iarratas:

- (a) Cur síos ar an tréimhse i ndáil leis na sonraí a iarrtar, lena n-áirítear cé acu a iarrtar nó nach n-iarrtar iad amháil ag amphointe socráithe nó thar raon ama;
- (b) Cur síos ar an bhfad a bheidh gá ag an taighdeoir le rochtain ar shonraí agus údar leis an bhfáth a bhfuil gá leis an tréimhse;
- (c) Údar leis an tréimhse coinneála sonraí ar a ndéantar cur síos;
- (d) Miondealú ar amlíne an tionscadail taighde, i.e., fad an ghlanta sonraí, an anailísithe sonraí, na scríbhneoireachta tuarascálacha, an phiarmheasúnaithe, an fhoilsithe, etc;

Ba cheart d'iarratasóirí a léiriú an fáth a bhfuil an tréimhse chun rochtain a fháil ar na sonraí a iarrtar leordhóthanach chun cuspóir beartaithe an taighde a bhaint amach.

I gcásanna ina n-iarrann iarratasóirí rochtain ar chórais bheo, nó sonraí beo, ba cheart dóibh míniú a thabhairt ar an bhfáth a bhfuil sí comhréireach, agus ar an bhfáth nach bhféadfaí an taighde a bhaint amach trí scrúdú a dhéanamh ar shonraí stairiúla.



Torthaí Ionchasacha

Ina theannta sin, ní mór d'íarratasóirí cur síos a dhéanamh ar conas a bheidh na torthaí a bhféachtar lena mbaint amach ina rannchuidiú le rioscaí sistéamacha a bhrath, a shainnithint agus a thuiscint san Aontas Eorpach, mar a leagtar amach de bhun Airteagal 34(1) de GSD, agus leis an measúnú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus tionchair na mbeart maolaithe riosca de bhun Airteagal 35 de GSD, agus ba cheart dóibh cur síos a dhéanamh ar na tairbhí agus na rioscaí araon a bhaineann leis an taighde beartaithe. Maidir leis sin, déanfaidh an Coimisiún breithniú arís ar Phlean Bainistíochta Sonraí nó Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí lena ngabhann athbhreithniú ón Eagraíocht Taighde.

6.6 Airteagal 40(8)(f): - É a léiriú go ndéanfar na gníomhaíochtaí taighde chun na críocha a leagtar síos in Airteagal 40(4) GSD

Chun an coinníoll a chomhlíonadh go léireoidh an tíarratasóir/na híarratasóirí go ndéanfar na gníomhaíochtaí taighde chun na críocha a leagtar síos in Airteagal 40(4) GSD, ní mór don íarratasóir/do na híarratasóirí an doiciméadacht agus an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar:

- (a) Cur síos ar na gníomhaíochtaí taighde atá le déanamh leis na sonraí a iarrtar agus meastachán ar fhad riachtanach na rochtana;
- (b) Achoimre ar an iarratas lena n-áirítear an t-ábhar taighde; agus
- (c) Cur síos ar an gcríoch de bhun Airteagail 34 agus 35 de GSD. Leis sin, ba cheart gníomhaíochtaí agus modheolaíocht taighde a chumhdach agus mionsonraí a thabhairt ar conas atá siad nasctha le hAirteagal 34 (rioscaí sistéamacha) agus Airteagal 35 (bearta maolaithe) agus a bhaineann siad leis an VLOP/VLOSE sonrath.

Ba cheart nasc a dhéanamh idir na rioscaí sistéamacha agus dearadh nó feidhmiú sheirbhís an VLOP/VLOSE agus a córais ghaolmhara nó úsáid sheirbhís an VLOP/VLOSE. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a léirítear nó nach léirítear leis an iarratas go ndéantar nó go ndéanfar an taighde ar a ndéantar cur síos chun rannchuidiú le rioscaí sistéamacha san Aontas Eorpach a bhrath, a shainnithint agus a thuiscint, ar rioscaí iad a eascraíonn as dearadh, feidhmiú nó úsáid an VLOP/VLOSE, agus leis an measúnú ar leordhóthanacht, éifeachtúlacht agus tionchair beart maolaithe riosca.

Leis an iarratas, ba cheart cur síos a dhéanamh ar na rioscaí sistéamacha sonracha in AE a eascraíonn as dearadh nó feidhmiú na seirbhíse i gceist agus a córais ghaolmhara, lena n-áirítear córais algartamacha, nó as an úsáid a bhaintear as na seirbhísí sin ar a mbeartaítear an taighde a dhíriú. Tá na samplaí neamhchuítheacha seo a leanas de na rioscaí sistéamacha sin leagtha amach in GSD:

- (a) Scaipeadh ábhair mhídhleathaigh tríd an VLOP/VLOSE;
- (b) Aon éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha chun na cearta bunúsacha a fheidhmiú;
- (c) Aon éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha ar dhioscúrsa sibhialta agus próisis toghcháin, agus slándáil phoiblí;
- (d) Aon éifeachtaí diúltacha iarbhír nó intuartha i ndáil le foréigean ar bhonn inscne, cosaint na sláinte poiblí agus mionaoiseach agus iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha ar fholláine fhisiciúil agus mheabhrach an duine.

Ar na rioscaí sistéamacha eile áirítear aon rioscaí sistéamacha arna sonrú ag an VLOP/VLOSE ábhartha ina mheasúnuithe riosca féin a dhéantar faoi GSD. Ba cheart d'íarratasóir/líarratasóirí deimhniú a áireamh freisin nach mbeartaítear aon úsáid eile a bhaint as na sonraí lasmuigh den taighde seo.



6.7 Airteagal 40(8)(g) - Tiomantas d'Fhoilsiú Taighde a Léiriú

Leis an iarratas ní mór a léiriú go bhfuil an tIarratasóir/na hIarratasóirí tiomanta do na torthaí taighde a chur ar fáil saor in aisce go poiblí, laistigh de thréimhse réasúnach tar éis an taighde a chur i gcrích, faoi réir chearta agus leasanna fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann, i gcomhréir le RGCS.

Ní mór do gach taighdeoir is iarratasóir gealltanais scríofa a sholáthar chun torthaí taighde a chur ar fáil saor in aisce go poiblí, faoi réir chearta agus leasanna fhaighteoirí na seirbhíse faoi RGCS. Ba cheart faisnéis a sholáthar freisin i dtaobh an dóigh a bhfuil súil leis go gcuirfear na torthaí ar fáil saor in aisce go poiblí agus ba cheart tréimhse a sholáthar don chéanna.



7 Treoir bhreise i leith iarratas

7.1 Ní mór na ceanglais a leagtar amach thíos a chomhlíonadh san iarratas a chuireann an tIarratasóir/na hIarratasóirí isteach:

- (a) **Dearbhú:** San iarratas, ba cheart Dearbhú a áireamh atá sínithe ag an Iarratasóir/na hIarratasóirí lena ndeimhnítear go bhfuil an fhaisnéis atá san fhoirm iarratais agus an fhianaise dhoiciméadach a bhaineann leis an Iarratasóir/na hIarratasóirí fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol dó/dóibh agus mar a chreideann sé/siad.
- (b) **Faisnéis bhréagach nó mhíthreorach:** Níor cheart don Iarratasóir/do na hIarratasóirí aon fhaisnéis bhréagach ná mhíthreorach a áireamh san iarratas. Faoi alt 202(1) d'Acht 2009, maidir le daoine a sholáthraíonn faisnéis bhréagach nó mhíthreorach don Choimisiún go feasach nó go meargánta i ndáil le hiarratas ar stádas TG, beidh siad ciontach i gcion coiriúil de chuid chatagóir 2. Aon duine a chiontófar i gcion de chuid chatagóir 2 dlífeáir, ar iad a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A (fíneáil nach mó ná €5,000) nó príosúnacht go ceann téarma nach faide ná 12 mhí nó iad araon a chur orthu, nó ar iad a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht go ceann téarma nach faide ná 5 bliana nó iad araon a chur orthu.
- (c) **Athruithe:** Ní mór don Iarratasóir/do na hIarratasóirí fógra a thabhairt don Choimisiún, go pras, faoi aon athruithe a tharlaíonn, idir dáta chur isteach an iarratais agus an dáta a fhaigheann an tIarratasóir/na hIarratasóirí fógra faoi chinneadh an Choimisiúin maidir leis an iarratas, ar aon fhaisnéis ábhartha atá san iarratas agus/nó ar aon fhaisnéis fhorlíontach a soláthraíodh tar éis an t-iarratas tosaigh a chur isteach arna iarraidh sin don Choimisiún chun tacú lena mheasúnú ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an tIarratasóir/na hIarratasóirí na ceanglais chun go mbronnfar stádas TG air/orthu. I gcás ina ndéantar athruithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarratas agus atá de chineál ábhartha dar leis an gCoimisiún, is féidir gur gá iarratas nua a chur isteach dá bharr sin.
- (d) **Foilsíú:** Ceanglaítear ar an gCoimisiún forbheathnú a fhoilsíú ar aon iarraidh réasúnaithe a eisítear chuig VLOP/VLOSE i gcomhéadan poiblí Thairseach Rochtana Poiblí GSD. Mar chuid de sin, áireofar achoimre ar d'iarratas (má bhíonn rath air) agus na módúlachtaí rochtana a chinntear de bhun Airteagal 9 den Ghníomh Tarmiligthe.
- (e) **Faisnéis Rúnda:** Mar a mhionsonraítear thuas i mír 3.14 agus 3.15, ba cheart d'Iarratasóir/Iarratasóirí agus do VLOPanna/VLOSEna é a chur san áireamh go bhféadfaidh an Coimisiún faisnéis a áirítear san iarratas agus sna doiciméid tacaíochta agus/nó aighneachtaí a chomhroinnt nó a fhoilsíú in imthosca áirithe. Ina fhianaise sin, más ann d'aon fhaisnéis san iarratas nó sna doiciméid tacaíochta agus/nó sna haighneachtaí a mheasann an tIarratasóir/na hIarratasóirí agus/nó na VLOPanna/VLOSEna a bheith rúnda, ba cheart don Iarratasóir/do na hIarratasóirí agus do na VLOPanna/VLOSEna an fhaisnéis sin a shainaithint go soiléir agus míniú a thabhairt ar an bhfáth a gcreideann siad nár cheart í a chomhroinnt ná a fhoilsíú. Tugtar tuilleadh mionsonraí air sin i mír 3.14 agus ag leanúint ar aghaidh ón méid thuas.
- (f) **Saoráil Faisnéise:** Féadfaidh daoine rochtain ar thaifid atá i seilbh an Choimisiúin a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ("**an tAcht um Shaoráil Faisnéise**"). Le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, díolmhaítear taifid áirithe ó scaoileadh, lena n-áirítear más taifid iad ina bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó faisnéis rúnda nó faisnéis phearsanta. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Iarratasóir/na hIarratasóirí i leith aon taifid a bhaineann leis an Iarratasóir/na hIarratasóirí agus atá faoi raon feidhme iarraidh ar Shaoráil Faisnéise a fhaigheann an Coimisiún roimh chinneadh a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, i gcás ina gceanglaítear air déanamh amhlaidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.



- (g) **Sonraí Pearsanta:** Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do chosaint a thabhairt do na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach i gcomhréir lena oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlíthe agus rialacháin eile is infheidhme maidir le sonraí agus príobháideachtas. Is féidir teacht ar bheartas príobháideachais an Choimisiúin ag: [Coimisiún na Meán | Cosaint Sonraí \(cnam.ie\)](#). Is féidir teacht ar fhógra príobháideachais forlíontach anseo maidir le próiseáil a dhéanamh ar na sonraí pearsanta arna soláthar ag iarratasóirí i ndáil le hiarratas a chur isteach faoi Airteagal 40(4) de GSD: Maidir le haon sonraí pearsanta a bhailíonn an Coimisiún i dtaca le hiarratas, ní úsáidfead iad ach amháin chun na gcríoch a luaitear san fhógra príobháideachais forlíontach. [Ráiteas Príobháideachais sa Bhreis ar Rochtain Sonraí do Thaighdeoirí a nDearnadh Grinnfhiosrúchán Orthu - Choimisiún na Meán](#) Maidir le haon sonraí pearsanta a bhailíonn an Coimisiún i dtaca le hiarratas, ní úsáidfead iad ach amháin chun na críocha a luaitear san fhógra príobháideachais sa bhreis.
- (h) Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, maidir leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis uile a chuirtear isteach mar chuid d'iarratas ar stádas TG, nár cheart iad a chur isteach ach amháin trí AGORA. Maidir le hiarratais nó ábhair ghaolmhara a chuirtear go díreach faoi bhráid an Choimisiúin, ní fhreagrófar iad ná ní bhreithneofar iad. Ba cheart aon fhiosrúcháin nó iarrataí ar shoiléire i ndáil le hábhar na Treorach seo a chur chuig Article40@cnam.ie.



8 Módúlachtaí Rochtana

- 8.1 Má tá an tlarratasóir/na hlarratasóirí ainmnithe mar TG agus má eisítear larraidh Réasúnaithe, áireofar mionsonraí san larraidh Réasúnaithe ar aon mhódúlacht rochtana a gceanglaíonn an Coimisiún ar an VLOP/VLOSE úsáid a bhaint astu agus rochtain ar na sonraí á soláthar don larratasóir/do na hlarratasóirí.
- 8.2 Agus na módúlachtaí rochtana atá le háireamh in larraidh Réasúnaithe á gcinneadh, ceanglaítear ar an gCoimisiún aon mhódúlacht rochtana a chur san áireamh, ar módúlachtaí iad a mholann an tlarratasóir/na hlarratasóirí san iarratas agus aon mhódúlacht rochtana a mholann an VLOP/VLOSE a úsáid i dtaca leis na sonraí a luaigh an VLOP/VLOSE atá ar fáil ina chatalóg rochtana sonraí GSD. Mar sin féin, níl ceachtar de na tograí sin ceangailteach ar an gCoimisiún.
- 8.3 Ceanglófar ar an VLOP/VLOSE agus ar an larratasóir/na hlarratasóirí pé módúlacht rochtana a shonraíonn an Coimisiún san larraidh Réasúnaithe a chomhlíonadh. Orthu sin is féidir go n-áireofar bearta teicniúla, dlíthiúla nó eagraíochtúla atá le húsáid ag an VLOP/VLOSE agus rochtain ar na sonraí á soláthar don larratasóir/do na hlarratasóirí. Orthu sin is féidir go n-áireofar, mar shampla:
- (a) Cé acu is gá nó nach gá timpeallacht shlán phróiseála chun na sonraí a phróiseáil;
 - (b) Bearta slándála líonra ábhartha, criptiú, rialúchán rochtana, sásraí, beartais chúltaca, sásraí sláine sonraí, pleananna freagartha teagmhas;
 - (c) Tréimhsí stórála agus pleananna scriosta sonraí;
 - (d) Próisis athbhreithnithe inmheánaigh, srianta ar chearta rochtana agus comhroinnt faisnéise; agus
 - (e) Aon cheanglais chonarhacha, amhail comhaontuithe neamhnochta nó comhaontuithe comhroinnte sonraí.
- 8.4 Má áirítear ceanglas sna módúlachtaí rochtana sonraithe go ndéanann an VLOP/VLOSE comhaontú comhroinnte sonraí nó aon socrú conarthach eile leis an larratasóir/na hlarratasóirí, ceanglófar ar an larratasóir/na hlarratasóirí agus ar an VLOP/VLOSE an socrú conarthach sin a dhéanamh agus beidh an tlarratasóir/na hlarratasóirí faoi réir oibleagáidí conarhacha i leith an VLOP/VLOSE i dtaca leis an rochtain ar na sonraí.



9 Tar éis iarratas ar stádas TG a fhorghreas

- 9.1 Má tá an tIarratasóir/na hIarratasóirí ainmnithe mar TG agus má eisítear Iarraidh Réasúnaithe, ní mór don Iarratasóir/do na hIarratasóirí na coinníollacha ainmnithe a leagtar amach in Airteagal 40(8) de GSD agus na ceanglais ghaolmhara a leagtar amach sa Ghníomh Tarmhligthe a chomhlíonadh agus na bearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme, ar bearta iad a luaigh an tIarratasóir a chuirfí i bhfeidhm san Iarratas agus rochtain á fáil ar na sonraí agus an taighde á dhéanamh faoi raon feidhme na hIarrata Réasúnaithe. Má mhainníonn an tIarratasóir/na hIarratasóirí déanamh amhlaidh, is féidir gurb é a thiocfaidh as sin, i measc nithe eile, go bhfoirceannfar rochtain ar na sonraí faoi raon feidhme na hIarrata Réasúnaithe sin faoi Airteagal 40(10) de GSD agus Caibidil 2 de Chuid 15 d'Acht 2009.
- 9.2 Féadfaidh an Coimisiún imscrúdú a thionscnamh chun a chinneadh cé acu a leanann nó nach leanann taighdeoirí dár deonaíodh stádas TG de na coinníollacha ainmnithe a leagtar amach in Airteagal 40(8) de GSD a chomhlíonadh, ag aon tráth. Féadfaidh an Coimisiún sin a dhéanamh dá dheoin féin nó bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn tríú páirtí dó lena n-áirítear an VLOP/VLOSE ábhartha, ach gan bheith teoranta dó sin. Faoi réir an toraidh ar imscrúdú den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún rochtain an Iarratasóra/na nIarratasóirí ar shonraí a fhoirceannadh má chinneann sé nach gcomhlíonann an tIarratasóir/na hIarratasóirí na coinníollacha ainmnithe a thuilleadh. I gcás ina mbeartaítear an rochtain ar shonraí a fhoirceannadh, tabharfar fógra don Iarratasóir/do na hIarratasóirí faoin togra sin agus beidh deis aige/acu, laistigh de 14 lá, aighneachtaí a dhéanamh nó a iarraidh go ndéanfaidh duine neamhspleách athbhreithniú ar an bhfoirceannadh beartaithe. Má fhoirceanntar rochtain an Iarratasóra/na nIarratasóirí ar shonraí, ní cheanglófar ar an VLOP/VLOSE a thuilleadh rochtain ar na sonraí a sholáthar don Iarratasóir/do na hIarratasóirí faoi raon feidhme na hIarrata Réasúnaithe.
- 9.3 Mura bhfoirceanntar rochtain an Iarratasóra/na nIarratasóirí ar shonraí faoi raon feidhme Iarrata Réasúnaithe go luath, rachaidh rochtain an Iarratasóra/na nIarratasóirí ar na sonraí in éag an dáta a shonraítear san Iarraidh Réasúnaithe.
- 9.4 De dhroim an ghealltanais a sholáthair an tIarratasóir/na hIarratasóirí san Iarratas, ceanglófar ar an Iarratasóir/na hIarratasóirí na torthaí ar an taighde a chur ar fáil saor in aisce go poiblí laistigh de thréimhse réasúnach tar éis a thaighde/a dtaighde a chur i gcrích.

